

ELeathanach220

Dé Luain 14 Nollaig 2015



**Nollaig Shona agus Athbhliain faoi mhaise!
Beidh E-Leathanach ar ais i Mí Eanáir 2016.**



Strictly Come Dancing

Tá Anita Rani imithe ó *Strictly Come Dancing*. Beidh an babhta ceannais ar siúl an deireadh seachtaine seo chugainn.

Tá ceathrar fágtha, Katie Derham, Georgia May Foote, Jay McGuiness agus Kellie Bright. Gheobhaidh muid amach an deireadh seachtaine seo chugainn cé acu a bheidh an bua sa chlár i mbliana.

X-Factor

Dé Sathairn d'fhág Ché Chesterman an seó tallainne seo. Bhí sé i ngrúpa Nick Grimshaw. Bhí díomá air nár éirigh leis áit a fháil sa bhabhta ceannais.

Bhí Louisa Johnson agus Reggie 'N' Bollie sa bhabhta ceannais Dé Domhnaigh. Fuair Louisa Johnson níos mó vótaí ón bpobal agus mar sin bhuaigh sí an *X-Factor* i mbliana. Níl sí ach seacht mbliana déag d'aois.

Bhí Adele, Coldplay agus One Direction ag canadh ar an gclár Dé Domhnaigh. Bhí brón ar an lucht féachana agus iad ag fágáil slán le One Direction a bheidh ag glacadh sosa ar feadh tamaill.

Cúrsaí sacair: Euro 2016

Fuair muid amach Dé Sathairn cé a bheidh ag imirt sa ghrúpa céanna le foireann Phoblacht na hÉireann sa chomórtas *Euro 2016*. Beidh an Bheilg, an tSualainn agus an Iodáil ag imirt inár gcoinne. Tuigeann bainisteoir na foirne go bhfuil an grúpa dúshlánach. Beidh an comórtas ar siúl sa Fhrainc i mí an Mheithimh.

Tá foireann Thuaisceart Éireann sa chomórtas freisin. Is é seo an chéad uair a d'éirigh leo áit a fháil sa chomórtas.

Bainisteoir Phoblacht na hÉireann, Martin O'Neill, agus bainisteoir Thuaisceart Éireann, Michael O'Neill - fuair siad duais speisialta mar bhainisteoir na bliana don obair atá déanta acu leis an dá fhoireann.

Níl an tua seo nua!

An tseachtain seo caite tháinig iascairí ar thua an-ársa. Bhí siad ag iascaireacht in aice le Contae Phort Láirge.

Tá seans ann go bhfuil an tua beagnach seacht gcéad míle bliain d'aois! Má tá sí chomh sean sin beidh sí níos sine ná aon rud eile a rinne daoine in Éirinn ariamh. Tá an tua san iarsmalann anois agus tá na heolaithe ag déanamh scrúdú uirthi.



Tua